# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1253 ÓN gCOIMISIÚN

## an 19 Iúil 2022

## lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le maoluithe ar cheanglais áirithe a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 62(14) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún ([2]) ceanglais chomhchoiteanna theicniúla le haghaidh dhearadh agus tháirgeadh na n-aerárthaí sibhialta agus na n-inneall, na lián agus na bpáirteanna a shuiteálfar iontu.

(2) I gcomhréir le pointe 3.1(b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1139, tá eagraíochtaí deartha agus táirgthe formheasta le córas bainistíochta a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin, chun rioscaí sábháilteachta a bhainistiú agus chun féachaint leis an gcóras sin a fheabhsú go leanúnach.

(3) De bhun Iarscríbhinn 19 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ("Coinbhinsiún Chicago"), cuirfidh na húdaráis inniúla de cheangal ar eagraíochtaí deartha agus táirgthe formheasta córas bainistíochta sábháilteachta a chur chun feidhme.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún ([3]) tugadh isteach córas bainistíochta le haghaidh gach eagraíochta deartha agus táirgthe formheasta a thagann faoi raon feidhme Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 chun Caighdeáin Idirnáisiúnta agus Cleachtais Mholta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('ICAO') a leagtar síos in Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a chomhlíonadh.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/203 ón gCoimisiún ([4]), tugadh isteach córas bainistíochta agus córais tuairiscithe tarluithe a bheidh le bunú ag na húdaráis inniúla.

(6) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/203 leasaíodh, faoi seach, Airteagail 8 agus 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012. Leis na leasuithe rinneadh foráil maidir le hidirthréimhsí go dtí an 7 Márta 2025 le go gceartóidh eagraíochtaí deartha agus eagraíochtaí táirgthe aon neamhchomhlíontacht a fuarthas a bhaineann leis na ceanglais a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 748/2012.

(7) Sa téacs a glacadh lena leasaítear Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, tagraíodh go mícheart do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/203, seachas tagairt a dhéanamh do Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201.

---

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2012 lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh deimhniúchán aeracmhainneachta agus deimhniúchán comhshaoil d'aerárthaí agus do tháirgí gaolmhara, páirteanna gaolmhara agus fearais ghaolmhara, agus le haghaidh deimhniúchán d'eagraíochtaí deartha agus táirgthe (IO L 224, 21.8.2012, lch. 1).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le córais bhainistíochta agus córais tuairiscithe tarluithe atá le bunú ag eagraíochtaí deartha agus táirgthe, agus le nósanna imeachta a gcuireann an Ghníomhaireacht i bhfeidhm iad, agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO L 33, 15.2.2022, lch. 7).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/203 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le córais bhainistíochta agus le córais tuairiscithe tarluithe atá le bunú ag na húdaráis inniúla, agus lena gceartaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le deimhnithe ar athbhreithniú aeracmhainneachta a eisiúint (IO L 33, 15.2.2022, lch. 46).

(8) Ina theannta sin, níor cuireadh san áireamh sa téacs lena leasaítear Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 nach bhfuil ach sraith theoranta de na ceanglais a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201, go príomha na ceanglais maidir le tuairisciú agus taifid a choimeád, infheidhme maidir le heagraíochtaí a tháirgeann táirgí, páirteanna nó fearais gan deimhniú formheasa ag a bhfuil litir chomhaontaithe (LoA) agus nach bhfuil an LoA sin bailí ach ar feadh tréimhse theoranta. An idirthréimhse go dtí an 7 Márta 2025 chun neamhchomhlíontacht a fuarthas a bhaineann leis na ceanglais a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201, dá bhrí sin, ní bhaineann sí le hábhar le haghaidh na n-eagraíochtaí sin. Dá bhrí sin, chun comhsheasmhacht le dáta infheidhmeachta Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 a áirithiú, níor cheart a cheangal ar eagraíochtaí a n-eiseofar an LoA ina leith an 7 Márta 2023 nó roimhe na ceanglais a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 a chomhlíonadh.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a cheartú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 127(1) de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 748/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:

“5. De mhaolú ar phointí 21.B.225(d)(1) agus (2) d’Iarscríbhinn I (Cuid 21), féadfaidh eagraíocht táirgthe ag a bhfuil deimhniú bailí formheasa a eisíodh i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) aon neamhchomhlíontacht a fuarthas a bhaineann le ceanglais Iarscríbhinn I a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún (*) a cheartú go dtí an 7 Márta 2025.

I gcás nach mbeidh clabhsúr curtha faoin 7 Márta 2025 ag an eagraíocht ar an neamhchomhlíontacht sin a fuarthas, déanfar an deimhniú formheasa a chúlghairm, a theorannú nó a chur ar fionraí ina iomláine nó go páirteach.

6. De mhaolú ar phointe 21.A.125C(a)(1) d’Iarscríbhinn I (Cuid 21), ní bheidh sé de cheangal ar eagraíocht a tháirgeann táirgí, páirteanna nó fearais gan deimhniú formheasa agus ag a bhfuil litir chomhaontaithe bhailí a eisíodh an 7 Márta 2023 nó roimhe i gcomhréir le hIarscríbhinn I (Cuid 21) ceanglais ábhartha Iarscríbhinn I a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 a chomhlíonadh.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/201 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 748/2012 a mhéid a bhaineann le córais bhainistíochta agus córais tuairiscithe tarluithe atá le bunú ag eagraíochtaí deartha agus táirgthe, agus le nósanna imeachta a gcuireann an Ghníomhaireacht i bhfeidhm iad, agus lena gceartaítear an Rialachán sin (IO L 33, 15.2.2022, lch. 7).”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 7 Márta 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN